Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9370/24**

**ESPACE 45**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás) an 23 – an 24 Bealtaine2024*<br>Dlí Spáis an Aontais: sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí spáis san Aontas<br>*- seisiún tuairimíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir le '**Dlí Spáis an Aontais: sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontais**' d'fhonn seisiún tuairimíochta leis an gComhairle Iomaíochais an 23 Bealtaine 2024.

**Dlí Spáis an Aontais: sábháilteacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis san Aontas**

**Seisiún tuairimíochta**

**Comhthéacs beartais**

Is iomaí dúshláin atá roimh ghníomhaíochtaí spáis. I measc na ndúshlán sin atá ag dul i méid, tá cuid acu ag éirí níos práinní le déanaí agus éileofaí gníomhaíocht ón Aontas agus ó na Ballstáit. Is é is aidhm don pháipéar seo seisiún tuairimíochta a eagrú i measc na n-airí chun a dtuairimí maidir le gnéithe ábhartha de Dhlí Spáis an Aontais a bheidh ann amach anseo a roinnt, go dtí go dtiocfaidh togra ón gCoimisiún.

**Na Dúshláin**

Ar an gcéad dul síos, is mó an baol go dtarlódh imbhualadh de bharr plódú fithisí áirithe (go háirithe ísealfhithis dhomhanda), mar thoradh ar leathnú atá á dhéanamh go tapa ar ghníomhaíochtaí cuideachtaí príobháideacha in earnáil an spáis. Baineann iarmhairtí tromchúiseacha leis sin, mar shampla, cur isteach ar ghnáthoibríochtaí ar fithis, damáiste a dhéanamh do shatailítí nó iad a chailleadh, múchadh seirbhísí spásbhunaithe (ar seirbhísí criticiúla cuid díobh) agus aerárthaí a imbhualadh ar theacht ar ais isteach sa domhan dóibh. Ar dheireadh thiar, d'fhéadfadh na cásanna sin damáiste a dhéanamh do na fithisí sa chaoi is nach mbeidís in-úsáidte do na glúine atá le teacht.

Ar an dara dul síos, cuireann imeachtaí geopholaitiúla go mór leis an mbaol a bhaineann le cibirionsaithe agus leis an mbaol go gcuirfí isteach go leictreonach ar bhonneagar spáis. Tá cibirionsaithe, a bhfuil tacaíocht stáit ag cuid díobh, ag díriú níos mó agus níos mó ar shócmhainní spáis. Ina theannta sin, tá an bonneagar spás leochaileach mar gheall ar a chasta atá ailtireacht na sócmhainní spáis (deighleoga éagsúla ag idirghníomhú lena chéile, dromchlaí leathana ionsaithe, an iliomad pointí iontrála d'ionsaitheoirí féideartha), ar an dífheidhmíocht a bhaineann leis na sócmhainní sin (seanbhonneagair teileachumarsáide, deacrachtaí maidir le paisteáil agus deisiú) agus ar na próisis soláthair (slabhraí soláthair casta).

Agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin sin, tá sé ríthábhachtach freisin tionchar na ngníomhaíochtaí spáis ar an gcomhshaol a laghdú agus a bheith níos neamhspleáiche ar theicneolaíochtaí agus amhábhair nach teicneolaíochtaí ná amhábhair de chuid an Aontais iad.

**Na Gníomhaíochtaí**

Tá na Ballstáit ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin le tamaill anuas agus tá siad ag achtú reachtaíocht um an spáis chun gníomhaíochtaí spáis a cheapadh agus a údarú. Sa lá atá inniu ann, tá dlíthe náisiúnta spáis ag 11 Bhallstát, agus tá dlíthe náisiúnta á bhforbairt ag níos mó Ballstát. Tá éagsúlacht mhór sna dlíthe sin ó thaobh raon feidhme agus doimhneachta de. Sa chomhthéacs sin, mhol an Coimisiún Eorpach Dlí Spáis an Aontais a fhorbairt chun rialacha comhchoiteanna maidir le sábháilteacht, athléimneacht, agus inbhuanaitheacht gníomhaíochtaí spáis a leagan síos. Agus na hinniúlachtaí náisiúnta á n-urramú, le Dlí Spáis an Aontais d'fhéadfaí Margadh Aonair an Aontais a chruthú le haghaidh gníomhaíochtaí spáis.

Chuir an Coimisiún próiseas comhairliúcháin i bhfeidhm leis na Ballstáit agus leis an earnáil tionsclaíochta, lena n-áirítear maidir le colúin ábhartha Dhlí Spáis an Aontais atá beartaithe:

– Leis an gcolún sábháilteachta, rachfar i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le himbhualadh (i.e. imbhualadh a sheachaint, ionramháilteacht spásárthaí, suíomh agus an spásárthach ar fithis) agus le giniúint smionagair spáis (i.e. pleananna maolaithe smionagair spáis), le haghaidh lainseálaithe agus satailítí araon.

– Leis an gcolún athléimneachta, chuirfí measúnú riosca agus cásanna riosca slándála ag croílár thionscal spáis an Aontais agus chuirfí feabhas ar an leibhéal cosanta ar bhealach comhsheasmhach i gcás gach deighleoige den bhonneagar spáis (deighleoga talún, spáis agus naisc).

– Leis an gcolún inbhuanaitheachta, leagfaí síos bunús le haghaidh rialacha comhchoiteanna chun lorg comhshaoil na ngníomhaíochtaí spáis a ríomh d'fhonn an lorg comhshaoil a laghdú san fhadtéarma.

**Ceisteanna le plé**

Is gá an t-iomaíochas i dtionscal spáis na hEorpa a threisiú, go háirithe i gcás FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta. Níor cheart do Dhlí Spáis an Aontais rórialáil a dhéanamh ar an tionscal, níor cheart go gcuirfí i bhfeidhm é ar an dóigh chéanna i gcás gach gníomhaí tionsclaíoch, agus ba cheart smaoineamh faoin **gcomhréireacht** agus an méid sin a mheá. Ba cheart don dlí dul i ngleic le hoibreoirí an Aontais agus le hoibreoirí nach oibreoirí de chuid an Aontais iad ar mian leo seirbhísí spásbhunaithe a chur ar an margadh aonair an Aontais, agus leis an saobhadh margaidh a d'fhéadfadh tarlú. Ba cheart go gcuirfeadh sé tairbhí soiléire ar fáil don tionscal, cuir i gcás simpliú an riaracháin, cothrom iomaíochta, leibhéil fheabhsaithe cosanta, agus cobhsaíocht chun an infheistíocht a mhealladh. Ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais éigeantacha ar bhealach comhréireach freisin. Ba cheart foráil bhreise a dhéanamh i nDlí Spáis an Aontais maidir le bearta tacaíochta a chuirfeadh ar chumas an tionscail spáis cloí leis na ceanglais éigeantacha, cuir i gcás fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil, agus tacaíocht airgeadais.

Sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair, is gá feabhas a chur ar leibhéal cosanta agus athléimneachta na gcóras spáis ar bhealach comhsheasmhach: gach oibrí satailíte san Aontas, gach deighleog (naisc spáis, talún agus sonraí), agus gach sócmhainn (tráchtála, rialtais, faoi úinéireacht an Aontais). Ba cheart deimhneacht dhlíthiúil chuimsitheach a áirithiú do ghníomhaithe tionsclaíocha spáis leis na rialacha, agus ba cheart **an athléimneacht agus an t-iomaíochas** a bheith fite fuaite lena chéile.

Tá dlús curtha ag na príomhghníomhaithe stáit idirnáisiúnta spáis lena ngníomhaíocht rialála, go háirithe maidir le bainistiú spástráchta agus an chibearshlándáil, agus glacann siad páirt ghníomhach chun na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a mhúnlú. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach gníomhú a luaithe is féidir chun a áirithiú nach gcuirfear iallach ar thionscal Spáis an Aontais caighdeán nó noirm arna bhforchur ag dlínsí eile a leanúint. Gníomhaí inchreidte idirnáisiúnta a bheadh san Aontas tar éis a ghníomhaíochta, lena n-áirítear sa mhéid a bhaineann lenár noirm agus caighdeáin a leagan síos.

Iarrtar ar na hAirí freagairt a thabhairt ar na ceisteanna a leanas:

**Ceisteanna**

1. Conas is fearr is féidir a áirithiú go dtreiseoidh Dlí Spáis an Aontais iomaíochas thionscal spáis an Aontais?

2. Conas is fearr leas a bhaint as Dlí Spáis an Aontais chun athléimneacht na gcóras spáis a threisiú?